Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 29

# Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil in 2017, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2016, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le géilleadh a iarchur.

Dlitear €26.26 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 7.

## Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 25 de 2017, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, cé is moite de seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar mótarfheithiclí a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana. Déantar córais saindeartha TF áirithe agus saintrealamh chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige a dhímheas thar thréimhse 10 mbliana ar ráta 10% in aghaidh na bliana, cé go ndéantar an trealamh TF nó oifige eile ar fad a dhímheas thar 5 bliana ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

***Sócmhainní caipitil***

Tugtar sonraí in Aguisín A faoi thalamh agus faoi fhoirgnimh ar leis an Stát iad agus atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn. Tá roinnt iascach atá á mbainistiú ag Iascach Intíre Éireann nach bhfuil san áireamh sa ráiteas faoi na sócmhainní caipitil toisc nach bhfuil luachálacha le haghaidh na n-iascach ar fáil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil.

Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi shíor-athbhreithniú.

Is í an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) a chuireann feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as oibriú na rialaithe taobh istigh de na hIonaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a chur ar fáil. Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte ó thaobh na rialaithe cuí a bheith i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***An Timpeallacht um Rialú Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht um rialú, lena mbaineann na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais
- doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh príomhphróisis ghnó
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá na gnéithe seo a leanas san áireamh:

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an ardbhainistíocht faoi athbhreithniú.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais. tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca atá ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. In 2017, chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás trí chonradh déag arbh fhiú €2.283 milliún iad a áireamh. Tá sonraí faoi na conarthaí sin san áireamh i mo thuairisceán bliantúil i leith Chiorclán 40/02 agus cuimsíonn siad: ceithre chonradh (€902,194) a bhaineann le ceadúnais bogearraí le haghaidh córais atá ann cheana féin, ceithre chonradh (€696,000) i leith taighde agus anailís speisialaithe, trí chonradh (€265,450) a bhaineann le saineolas teicniúil speisialtóra a theastaíonn le haghaidh riachtanais phráinneacha ghnó agus dhá chonradh (€418,973) i leith crua-earraí agus bogearraí ríomhaireachta don Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála. As an €2.283 milliún a gealladh i leith na soláthairtí neamhiomaíocha a luadh roimhe seo, íocadh €1.635 milliún in 2017 agus tugadh an chuid eile, €0.648 milliún, ar aghaidh go dtí 2018.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na Roinne bonn eolais faoi obair na feidhme agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchóireacht inmheánach, arna bhfaomhadh agamsa i gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialaithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

***Creat um Riosca agus Rialú***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an Roinn. Sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus uadátú ar an gclár faoi dhó sa bhliain, agus bíonn na rioscaí a bhaineann le heochairthionscadail faoi athbhreithniú leanúnach. Baintear úsáid as toradh na measúnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go sásúil.

Sonraíonn an clár rioscaí na rialaithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sannann sé freagracht as rialaithe a oibriú ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis um rialú agus cuirtear easnaimh ar an rialú in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, más ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialaithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialaithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an ardbhainistíocht taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

***Fadhbanna i dtaca le Rialú Inmheánach Airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2017 ar gá iad a nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

29 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn ón iniúchadh***

Tagraíonn Caibidil 8 agus 9 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2017 do nithe áirithe eile a bhaineann le Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2018

# Vóta 29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol

# Cuntas Leithreasa 2017

| | | | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| | **Caiteachas ar na cláir** | | | | |
| A | Cumarsáid | | 39,910 | 31,483 | 19,050 |
| B | Craoltóireacht | | 261,209 | 254,289 | 241,091 |
| C | Fuinneamh | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 115,383 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,551 | | | |
| | | | 122,934 | 111,402 | 85,511 |
| D | Acmhainní nádúrtha | | 26,196 | 24,785 | 19,680 |
| E | Iascaigh intíre | | 30,601 | 30,318 | 30,392 |
| F | Comhshaol agus bainistiú dramhaíola | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 54,936 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,577 | 59,513 | 50,639 | 43,171 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar don bhliain reatha* | 528,235 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,128 | | | |
| | | | **540,363** | **502,916** | **438,895** |
| | *Lúide* | | | | |
| G | **Leithreasaí i gcabhair** | | **237,599** | **232,412** | **228,535** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 290,636 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 12,128 | | | |
| | | | **302,764** | **270,504** | **210,360** |

**Farasbarr**

Ní mór an farasbarr a sholáthraítear thar an tsuim a cuireadh i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán nó cuid de leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 32,259,657 | 32,453,667 |
| Géilleadh iarchurtha | (6,000,000) | (12,128,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **26,259,657** | **20,325,667** |

**Mark Griffin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
29 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2017

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas chláir | | 475,795 | 412,768 |
| Pá | | 20,510 | 18,807 |
| Caiteachas eile | | 6,611 | 7,320 |
| **Ollchaiteachas** | | **502,916** | **438,895** |
| *Luíde* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **232,412** | **228,535** |
| **Glanchaiteachas** | | **270,504** | **210,360** |
| **Athraithe I sócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (1,439) | | |
| Dímheas | 1,022 | (417) | (493) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (476) | | |
| Méadú ar stoc | (22) | (498) | 543 |
| **Caiteachas díreach** | | **269,589** | **210,410** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 15,584 | 13,917 |
| Measchíosanna | | 1,466 | 1,830 |
| **Costas chláir glan** | | **286,639** | **226,157** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i leith Vóta 29 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 45 | 45 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir | m | 10,791 | 9,719 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 4,648 | 4,060 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 41 | 35 |
| Príomhchiste – Pinsin Airí | m | 59 | 58 |
| | | **15,584** | **13,917** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 2,532 | 3,077 |
| | | **2,532** | **3,077** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 10,939 | 9,881 |
| Stoic | 2.4 | 334 | 312 |
| Réamhíocaíochtaí | | 424 | 209 |
| Ioncam fabhraithe | | 799 | 708 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 356 | 146 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **12,852** | **11,256** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,213 | 1,383 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 4,005 | 3,153 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 7,290 | 6,874 |
| Ioncam iarchurtha | | 101 | 101 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **12,609** | **11,511** |
| | | | |
| **Glansócmhainní/(glandliteanais) reatha** | | **243** | **(255)** |
| **Glansócmhainní** | | **2,775** | **2,822** |
| | | | |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **2,775** | **2,822** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,822 | 2,850 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar don mheastachán | Cuntas | 302,764 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (6,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (26,260) | | |
| Vóta glan | | | 270,504 | 210,360 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 15,584 | 13,917 |
| Caiteachas nach ndearnadh in airgead tirim – measchíos | 1 | | 1,466 | 1,830 |
| Coigeartú – glanaistriú sócmhainní | 2.2 | | — | 22 |
| Coigeartú – dímheas stairiúil | 2.2 | | (103) | — |
| Coigeartú – athráiteas faoi thalamh agus foirgnimh | 2.2 | | (859) | — |
| Glanchostas na gclár | 1 | | (286,639) | (226,157) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,775** | **2,822** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Troscán oifige | Fearas oifige agus TF | Saintrealamh agus mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ollsócmhainní | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2017 | 859 | 1,288 | 21,356 | 4,653 | 28,156 |
| Méideanna breise | — | 8 | 271 | 1,160 | 1,439 |
| Diúscairtí | — | (8) | — | (14) | (22) |
| Coigeartuithe [a] | (859) | (2) | (10) | (104) | (975) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2017 | — | 1,286 | 21,617 | 5,695 | 28,598 |
| Dímheas carnach | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2017 | — | 1,232 | 19,911 | 3,936 | 25,079 |
| Dímheas don bhliain | — | 14 | 497 | 511 | 1,022 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (8) | — | (14) | (22) |
| Coigeartú [b] | — | — | — | (13) | (13) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2017 | — | 1,238 | 20,408 | 4,420 | 26,066 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2017** | — | **48** | **1,209** | **1,275** | **2,532** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2016 | 859 | 56 | 1,445 | 717 | 3,077 |

[a] Tagraíonn coigeartú do thalamh agus foirgnimh d'ionaid réadmhaoine Ard-Oifig an Phoist a bheith á mbaint de shócmhainní caipitil na Roinne, ó tharla go bhfuil na sócmhainní seo, atá faoi úinéireacht an Stáit, á mbainistiú ag comhlacht ón taobh amuigh. Baineann coigeartuithe eile le dímheas stairiúil.

[b] Baineann na coigeartuithe le dímheas stairiúil.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | 10,939 | 9,881 |
| | **10,939** | **9,881** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 323 | 302 |
| Stáiseanóireacht | 11 | 10 |
| | **334** | **312** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Óinchistí le haghaidh táillí acadúla | 94 | 87 |
| Foireann ar iasacht | 79 | — |
| Aiscí | 57 | — |
| Fionraí eile | 126 | 59 |
| | **356** | **146** |

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Shiarchoinneálach | 481 | 234 |
| Cáin Bhreisluacha | 511 | 528 |
| Fáltais Státchiste sa bhreis (nóta 4.3) | — | 100 |
| ÍMAT/ÁSPC | 752 | 632 |
| | 1,744 | 1,494 |
| Fionraí (seirbhís freagartha glaonna éigeandála/asbhaint phárolla) | 2,261 | 1,659 |
| | **4,005** | **3,153** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 26,260 | 20,326 |
| Géilleadh iarchurtha | 6,000 | 12,128 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (24,970) | (25,580) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **7,290** | **6,874** |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 10,939 | 9,881 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 356 | 146 |
| | **11,295** | **10,027** |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,744) | (1,494) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2,261) | (1,659) |
| | (4,005) | (3,153) |
| | **7,290** | **6,874** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag 31 Nollaig | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Soláthar earraí agus seirbhísí* | 1,413 | 1,293 |
| Cláir deontas | 4,614 | 1,716 |
| Cláir deontais caipitil | 66,405 | 68,004 |
| Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí | **72,432** | **71,013** |

* Níor foilsíodh an méid a bhí i gceist le ceangaltas 2016 i gCuntas 2016

**(b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| | **Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2016** | **Caiteachas i 2017** | **Ceangaltais tionscadail ag deireadh 2017** | **Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2017** | **Caiteachas iomlán tuartha shaolré an tionscadail 2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Cláir TFC | 306,362 | 15,024 | 7,989 | 329,375 | 318,635 |
| Forbairtí ilmheán | 45,239 | 4,530 | 1,880 | 51,649 | 51,052 |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 380,090 | 83,542 | 23,769 | 487,401 | 401,242 |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 42,085 | 5,510 | 4,231 | 51,826 | 49,048 |
| Seirbhísí mianadóireachta | 13,729 | 1,251 | 232 | 15,212 | 14,354 |
| Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 69,094 | 14,218 | 27,816 | 111,128 | 90,272 |
| Tionscnaimh aeráide (taighde teicniúil agus samhaltú san áireamh) | 335 | 613 | 488 | 1,436 | 335 |
| | **856,934** | **124,688** | **66,405** | **1,048,027** | **924,938** |

**Athruithe suntasacha**

| **Clár** | **Méid an mhéadaithe/ laghdaithe €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Cláir TFC | 10,740 | Caiteachas méadaithe ar an gcéad ghlúin eile den leathanbhanda agus ar phostchóid is mó is cúis leis an méadú. |
| Forbairtí ilmheán | 597 | Léiríonn an méadú, den chuid is mó, ceangaltais a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh. |
| Cláir fuinnimh inbhuanaithe | 86,159 | Léiríonn an méadú an leathnú ar na cláir Fuinneamh Níos Fearr agus ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh eile. |
| Cláir um thaighde ar fhuinneamh | 2,778 | Léiríonn an méadú tiomantais mhéadaithe a bhaineann le tionscadail um thaighde ar fhuinneamh. |
| Seirbhísí mianadóireachta | 858 | Oibreacha feabhsúcháin leanúnacha ag Mianach Abhóca is mó is cúis leis an méadú. |
| Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 20,856 | Léiríonn an méadú na costais agus na ceangaltais a bhaineann le tionscadail mhapála leanúnacha INFOMAR agus Tellus agus leis an gclár um thionscnaimh gheo-eolaíochta. |
| Tionscnaimh aeráide | 1,101 | Ceangaltais a bhaineann le tionscnaimh aeráide is cúis leis an méadú. |

## 2.9 Feabhsúchán talún

**Suíomh Mhianach Abhóca**

Ceapadh foireann ildisciplíneach i mí na Nollag 2013 ar feadh trí bliana chun sainseirbhísí deartha, soláthair agus bainistithe tionscadail a sholáthar chun tionscadal a théann i ngleic leis na hoibreacha tosaíochta sláinte poiblí agus sábháilteachta a mhaoirsiú. I gcaitheamh 2016, tugadh faoi chlaibíní a chur ar chairn charta, agus iad a athghrádú, i dTeach gCróinín Thiar, chomh maith le claibíní a chur ar shloic eile agus iad a dhéanamh sábháilte ag láithreacha eile. €1.28 milliún an costas a bhí air in 2016. Críochnaíodh an chuid eile den obair chaipitil a bhain leis an gcéad chéim den tionscadal i gcaitheamh 2017. Cuireadh bearta sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm ar fud an tsuímh. Críochnaíodh an líonra draenála ar fud an limistéir ina bhfuil na claibíní freisin. Caitheadh €1.057 milliún in 2017 agus €3.52 milliún an méid iomlán a caitheadh ar an tionscadal go dtí seo. Tá sé beartaithe anois tógáil ar an mbunstaidéar féidearthachta agus plean tionscadail feabhsúcháin foriomlán a fhorbairt don suíomh i gcaitheamh 2018.

**Béal Átha Gabhann**

Cuireadh €0.4 milliún ar fáil i 2017 maidir le talamh a cheannach agus déileáil le teagmhais a d'fhéadfadh bheith tagtha chun cinn de thoradh na monatóireachta timpeallachta atá á déanamh go leanúnach agus atá ceaptha chun aon athruithe ag suíomh Bhéal Átha Gabhann a bhrath. Níor tabhaíodh aon chaiteachas i 2017 agus tá méid airgid atá mar a chéile a bheag nó a mhór curtha ar fáil le haghaidh 2018. Cuirfear maoiniú ar fáil amach anseo chun aon chostais bhreise a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chlúdach.

**Monatóireacht Chomhshaoil in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann**

€0.15 milliún an costas a bhí ar shainmhonatóireacht riachtanach i 2015, €0.14 milliún i 2016 and €0.98 milliún i 2017. Meastar go mbeidh suim bhreise €0.6 milliún ag teastáil i gcomhair gach bliana ó 2018 go 2020 maidir le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar shuíomhanna Abhóca agus Bhéal Átha Gabhann. Tá an mhonatóireacht seo á déanamh lena chinntiú nach dtiocfaidh aon athrú suntasach ar dhálaí ag ceachtar den dá shuíomh gan é a bheith braite.

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

D'fhéadfadh dliteanais airgeadais bheith ann in 2018 agus sna blianta ina dhiaidh sin, ag brath ar thorthaí caingne dlí de chuid AE nó eile atá ar siúl, ar feitheamh nó a d'fhéadfadh teacht. Ní féidir na méideanna atá i gceist a chinneadh ag an bpointe seo.

# Nóta 3 Caiteachas an Vóta de réir Fo-cheannteideal

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Sa nóta seo a leanas cuirtear anailís i láthair ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus leagtar amach na cúiseanna a bhí le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000). Cionroinnreadh an caiteachas riaracháin trasna na gclár chun costas iomlán na gclár a chur i láthair.

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 22,632 | 20,510 | 18,807 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 942 | 841 | 696 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,590 | 952 | 957 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 784 | 431 | 509 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 4,116 | 2,297 | 3,429 |
| vi | Costais foirgneamh oifige | 962 | 763 | 727 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 1,917 | 1,083 | 808 |
| viii | Trealamh, stór agus cothabháil | 296 | 244 | 194 |
| | | **33,239** | **27,121** | **26,127** |

**Athruithe suntasacha**

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar don mheastachán: €1.590 milliún, toradh: €0.952 milliún

Bhí na costais ar chomhdhálacha, ar oiliúint agus ar chúrsaí dlí níos lú ná mar a ceapadh roimh ré agus ba é sin ba chúis leis an laghdú €0.638 milliún ar chaiteachas.

*iv* *Seirbhísí poist agus teileachumarsáide*

Soláthar don mheastachán: €0.784 milliún, toradh: €0.431 milliún

Iarrachtaí leanúnacha chun costais oibriúcháin a laghdú ba chúis leis an laghdú €0.353 milliún.

*v* *Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha*

Soláthar don mheastachán: €4.116 milliún, toradh: €2.297 milliún

Costais laghdaithe i leith ceadúnú agus sábháil ar threalamh crua-earraí TF agus ar chostais chothabhála TF ba chúis leis an laghdú €1.819 milliún ar chaiteachas.

*vii* *Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas*

Soláthar don mheastachán: €1.917 milliún, toradh: €1.083 milliún

Caitheadh níos lú ná mar a ceapadh roimh ré ar sheirbhísí sainchomhairleoireachta agus ba é sin ba chúis leis an laghdú €0.834 milliún ar chaiteachas.

## Clár A Cumarsáid

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 4,934 | 4,471 | 4,030 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,846 | 1,141 | 1,310 |
| A.3 | Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide | 20,490 | 15,024 | 5,392 |
| A.4 | Forbairtí ilmheán | 5,176 | 5,604 | 4,654 |
| A.5 | Sochaí faisnéise | 6,964 | 5,243 | 3,664 |
| A.6 | Caipiteal eile (teagmhas caipitil san áireamh) | 500 | — | — |
| | | **39,910** | **31,483** | **19,050** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár A €8.427 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.168 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin, agus ba iad seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid eile den athrú, i.e. €7.259 milliún.

A.3 *Clár teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide*

Soláthar don mheastachán: €20.490 milliún, toradh: €15.024 milliún

Bhí an caiteachas €5.466 milliún ní ba lú ná an soláthar don mheastachán de bharr, den chuid is mó, an caiteachas cláir i leith an phróisis soláthair chasta leanúnaigh d'idirghabháil an Stáit faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

*A.4 Forbairtí ilmheán*

Soláthar don mheastachán: €5.176 milliún, toradh: €5.604 milliún

Baineann an méadú €0.428 milliún ar chaiteachas le híocaíocht chonarthach iarchurtha a rinneadh i 2017, íocaíocht a ndearnadh soláthar di sa chomhaontú lamháltais leis an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh.

*A.5 Sochaí faisnéise*

Soláthar don mheastachán: €6.964 milliún, toradh: €5.243 milliún

Baineann an t-easnamh caiteachais €1.721 milliún, go príomha, leis an gcaiteachas ar Scéim na nDearbhán um Thrádáil ar Líne, scéim a bhraitheann ar éileamh, a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Bíonn moill ama idir tús na trádála ar líne agus íostarraingt na híocaíochta deontais ag gnóthaí a n-éiríonn leo agus téann an mhoill sin i bhfeidhm ar an gcaiteachas.

*A.6 Caipiteal eile (teagmhas caipitil san áireamh)*

Soláthar don mheastachán: €0.5 milliún, toradh: €Nil

Bhí easnamh €0.5 milliún ar an gcaiteachas toisc nach raibh na cistí teagmhais caipitil ag teastáil.

## Clár B Craoltóireacht

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar don mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 995 | 902 | 855 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 619 | 381 | 440 |
| B.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann do tháillí ceadúnais craolacháin | 190,724 | 184,801 | 179,285 |
| B.4 | Íocaíocht leis An Post chun táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú | 12,457 | 11,916 | 11,494 |
| B.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | 33,710 | 34,240 | 35,360 |
| B.6 | An Ciste Craolacháin | 14,704 | 14,073 | 13,657 |
| B.7 | Speictream RTÉ | 8,000 | 7,976 | — |
| | | **261,209** | **254,289** | **241,091** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár B €6.920 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €0.331 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin, agus ba iad seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid eile den athrú, i.e. €6.589 milliún.

*B.3 Deontas do Raidió Teilifís Éireann*

Soláthar don mheastachán: €190.724 milliún, toradh: €184.801 milliún

Bhí an caiteachas €5.923 milliún ní ba lú ná an soláthar don mheastachán toisc go bhfuil íocaíochtaí deontais le RTÉ, atá neodrach ó thaobh vóta de, bunaithe ar dhíolacháin ceadúnas teilifíse agus bhí na fáltais ó na díolacháin sin ní ba lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Clár C Fuinneamh

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | mheastachán | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 5,070 | 4,594 | | 3,942 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,164 | 1,336 | | 1,544 |
| C.3 | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – riarachán agus costais ghinearálta | | 9,430 | 8,579 | | 7,165 |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 90,790 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,551 | 98,341 | 90,118 | | 66,262 |
| C.5 | Cláir um thaighde ar fhuinneamh | | 7,607 | 6,505 | | 6,321 |
| C.6 | Seirbhísí gáis | | 32 | 23 | | 23 |
| C.7 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 290 | 247 | | 254 |
| | | | **122,934** | **111,402** | | **85,511** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár C €11.532 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.304 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin, agus ba iad seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid eile den athrú, i.e. €10.228 milliún.

*C.3 Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann*

Soláthar don mheastachán: €9.430 milliún, toradh: €8.579 milliún

Na costais phárolla in Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann a bheith níos ísle ná mar a ceapadh roimh ré ba chúis leis an gcaiteachas a bheith €0.851 milliún níos ísle ná an soláthar don mheastachán.

*C.4 Cláir fuinnimh inbhuanaithe*

Soláthar don mheastachán: €98.341 milliún, toradh: €90.118 milliún

Bhí an caiteachas €8.223 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán toisc go raibh moill ar sheoladh na Scéime Tacaíochta do Theas In-athnuaite agus toisc go raibh an t-éileamh ar dhá scéim phíolótacha, an Scéim Iarfheistiúcháin agus an Scéim Teasa agus Folláine, níos lú ná mar a ceapadh roimh ré.

*C.5 Cláir um thaighde ar fhuinneamh*

Soláthar don mheastachán: €7.607 milliún, toradh: €6.505 milliún

Bhí an caiteachas €1.102 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán de bharr uainiú an chaiteachais ar chláir thaighde a bhí ag brath ar éileamh.

## Clár D Acmhainní Nádúrtha

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 6,383 | 5,784 | 5,578 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | 3,453 | 2,199 | 2,414 |
| D.3 | Seirbhísí peitriliam | 441 | 405 | 191 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | 3,700 | 1,488 | 1,560 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 12,084 | 14,789 | 9,817 |
| D.6 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 135 | 120 | 120 |
| | | **26,196** | **24,785** | **19,680** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár D €1.411 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Na príomhchúiseanna a bhí leis sin ná an caiteachas riaracháin a bheith laghdaithe de €1.853 milliún agus iad seo a leanas:

*D.4 Seirbhísí mianadóireachta*

Soláthar don mheastachán: €3.700 milliún, toradh: €1.488 milliún

Bhí an caiteachas €2.212 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán de bharr (1) nár bhain na cuideachtaí mianadóireachta an oiread mianraí príobháideacha agus a ceapadh roimh ré agus moill dlí ar éilimh gan íoc a shocrú agus (2) moill ar shuíomh a fháil mar chuid d'athshlánú Bhéal Átha Gabhann.

*D.5 Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann*

Soláthar don mheastachán: €12.084 milliún, toradh: €14.789 milliún

Bhí an caiteachas €2.705 milliún níos mó ná an soláthar don mheastachán mar gheall ar chaiteachas breise ar threalamh speisialaithe chun tacú le clár mapála Tellus a bhailíonn sonraí geoiceimiceacha agus geoifisiceacha agus chun bunachar sonraí digiteach de chroíleacán a dhruileálann cuideachtaí mianraí a fhorbairt.

## Clár E Iascaigh Intíre

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 905 | 820 | 774 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 413 | 255 | 296 |
| E.3 | Iascach intíre | 29,283 | 29,243 | 29,322 |
| | | **30,601** | **30,318** | **30,392** |

## Clár F Comhshaol agus Bainistiú Dramhaíola

| | | | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| F.1 | Riarachán – pá | | 4,345 | | 3,938 | 3,629 |
| F.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,112 | | 1,298 | 1,315 |
| F.3 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 26,932 | | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,577 | 31,509 | | 32,002 | 24,932 |
| F.4 | An Ciste Carbóin | | 800 | | 431 | 423 |
| F.5 | Ceangaltais athraithe aeráide idirnáisiúnta | | 2,500 | | 2,500 | 2,000 |
| F.6 | Feabhsúchán líonta talún | | 11,000 | | 5,721 | 7,816 |
| F.7 | Taighde teicniúil agus samhaltú | | 1,750 | | 613 | 335 |
| F.8 | Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | 3,000 | | 2,778 | 2,721 |
| F.9 | Comhphlé náisiúnta | | 350 | | — | — |
| F.10 | Feachtas dramhaíola | | 1,600 | | 1,358 | — |
| F.11 | Seirbhísí eile | | 547 | | — | — |
| | | | **59,513** | | **50,639** | **43,171** |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd bhí an caiteachas maidir le Clár F €8.874 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhain €1.221 milliún de seo le caiteachas riaracháin agus tá sé mínithe cheana féin, agus ba iad seo a leanas ba mhó ba chúis leis an gcuid eile den athrú, i.e. €7.653 milliún.

*F.4 An Ciste Carbóin*

Soláthar don mheastachán: €0.800 milliún, toradh: €0.431 milliún

Bhí an caiteachas €0.369 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán toisc go raibh ranníocaíocht níos lú ag teastáil faoin gCiste Bithcharbóin. Tá an Ciste Bithcharbóin ar cheann de thrí mhaoin faoin gCiste Carbóin a d'infheistigh i dtionscadail atá dírithe ar laghduithe astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaint amach.

*F.6 Feabhsúchán líonta talún*

Soláthar don mheastachán: €11 milliún, toradh: €5.721 milliún

Bhí an caiteachas €5.279 milliún níós lú ná an soláthar don mheastachán toisc nach ndeachaigh roinnt tionscadail níos mó um fheabhsúchán líonta talún, a bhíonn casta go minic agus a mbíonn moill orthu go minic, chun cinn mar a ceapadh roimh ré mar gheall ar mhoill ar phleanáil tionscadail, ar cheadúnú agus ar rochtain a fháil ar shuíomh.

*F.7 Taighde teicniúil agus samhaltú*

Soláthar don mheastachán: €1.750 milliún, toradh: €0.613 milliún

Bhí an caiteachas €1.137 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán toisc gur cuireadh tús le roinnt tionscadail taighde níos déanaí ná mar a ceapadh roimh ré.

*F.8 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta*

Soláthar don mheastachán: €3.000 milliún, toradh: €2.778 milliún

Bhí an caiteachas €0.222 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán mar gheall ar luaineacht airgeadra agus na hiarratais ar mhaoiniú a bheith níos lú ná mar a ceapadh roimh ré.

*F.9 Comhphlé náisiúnta*

Soláthar don mheastachán: €0.350 milliún, toradh: €Nil

Bhí an caiteachas €0.350 milliún níos lú ná mar a ceapadh roimh ré toisc go raibh tionscnaimh faoin gComhphlé Náisiúnta ar Ghníomhú ar son na hAeráide, a mbeidh maoiniú ag teastáil lena n-aghaidh, fós á bhforbairt i gcaitheamh 2017.

*F.10 Feachtas dramhaíola*

Soláthar don mheastachán: €1.600 milliún, toradh: €1.358 milliún

Bhí an caiteachas €0.242 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán mar gheall ar an moill ar an gclár um ambasadóirí athchúrsála a chur i bhfeidhm.

*F.11 Seirbhísí eile*

Soláthar don mheastachán: €0.547 milliún, toradh: €Nil

Bhí an caiteachas €0.547 milliún níos lú ná an soláthar don mheastachán toisc nach ndeachaigh an scéim tástála phíolótach radóin ar aghaidh i 2017.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó fhíneálacha de bharr coireanna iascaigh intíre | 50 | 10 | 19 |
| 2 | Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960 | 8,795 | 11,333 | 8,056 |
| 3 | An Grúpa Tacaíochta um Bonneagar Peitriliam | 437 | 349 | 192 |
| 4 | Táillí ceadúnais craolacháin | 222,130 | 215,035 | 213,681 |
| 5 | Ioncam ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | 300 | 293 | 185 |
| 6 | Cíos ar áitribh in Ard-Oifig an Phoist | 223 | 215 | 204 |
| 7 | Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.2) | 1,070 | 1,153 | 1,879 |
| 8 | Ranníocaíocht phinsin ó gníomhaireachtaí | 694 | 368 | 641 |
| 9 | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,900 | 3,656 | 3,678 |
| | **Iomlán** | **237,599** | **232,412** | **228,535** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €5.187 milliún níos lú ná an meastachán.

Tá na difríochtaí mínithe thíos:

2 *Fáltais faoin Acht Forbairte Mineárál 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitriliaim agus Mianraí Eile 1960*

Soláthar don mheastachán: €8.795 milliún, toradh: €11.333 milliún

Tháinig méadú €2.538 milliún ar an ioncam de bharr ríchíosanna a bheith níos mó ná mar a ceapadh roimh ré de thoradh ar tháirgeadh méadaithe ag sealbhóir léasa/ceadúnais.

8 *Ranníocaíocht phinsin ó na gníomhaireachtaí*

Soláthar don mheastachán: €0.694 milliún, toradh: €0.368 milliún

Bhí an t-ioncam €0.326 milliún níos lú mar gheall ar íocaíocht dhéanach i leith 2017.

9 *Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí*

Soláthar don mheastachán: €3.900 milliún, toradh: €3.656 milliún

Costais phárolla a bheith níos lú ná mar a ceapadh roimh ré i 2017 is mó is cúis leis an ioncam a bheith €0.244 milliún níos ísle.

### 4.2 Fáltais ilghnéitheacha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais a fuarthas ar ais ó chomhlachtaí eile | 100 | 827 |
| Próiseas fíoraithe na Coiribe | — | 139 |
| Dleachtanna maidir le líonraí cathrach | 878 | 876 |
| Eile | 175 | 37 |
| **Iomlán** | **1,153** | **1,879** |

## 4.3 Fáltais sa bhreis iníoctha leis an Státchiste

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 100 | — |
| Aisíocaíochtaí ó Ghníomhaireacht na Lochanna | — | 100 |
| Fáltais ón scéim i ndáil le trádáil astaíochtaí[a] | 52,298 | 38,966 |
| Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe Mhaigh Eo | 114 | (38,966) |
| Aistrithe go dtí an Státchiste | (52,512) | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | **100** |

[a] Is ionann €53.56 milliún agus ollsciar na hÉireann d'fháltais a d'eascair as liúntais a chur ar ceant i Scéimeanna AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí in 2017. Asbhaintear €1.262 milliún le haghaidh chostais riaracháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, rud a fhágann go dtugar fáltas glan €52.298 milliún ar ais don Státchiste.

# Nóta 5 Líon na bhFostaithe agus Pá

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | | |
| Roinn | 374 | 320 |
| Gníomhaireachtaí | 1,045 | 1,022 |
| | **1,419** | **1,342** |

## 5.2 Pá

| Luach saothair na foirne go léir (an Roinn agus gníomhaireachtaí) | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 61,967 | 57,540 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 276 | 367 |
| Liúntais eile | 1,389 | 1,387 |
| Ragobair | 53 | 29 |
| ÁSPC an Fhostóra | 5,533 | 5,001 |
| **Pá iomlán** | **69,218** | **64,324** |

Tagraíonn na socruithe um luach saothair do ghné an phá d'fho-cheannteidil A.1, A.4, B.1, C.1, C.3, D.1, E.1, E.3, F.1 agus F.3. Áirítear leis na figiúirí airgead neamhvótáilte.

## 5.3 Foireann na roinne

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 18,997 | 17,439 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 57 | 146 |
| Liúntais eile | 63 | 54 |
| Ragobair | 30 | 15 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,363 | 1,153 |
| **Pá iomlán** | **20,510** | **18,807** |

**Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht is mó le duine amháin | An íocaíocht is mó le duine amháin |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2017 | 2016 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise[a] | 20 | 1 | 16,597 | 7,732 |
| Liúntais eile[a] | 15 | 2 | 20,614 | 20,613 |
| Ragobair | 24 | — | 8,091 | 7,302 |
| Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 1 | 10,913 | 11,850 |

[a] Roimh 2017, chuirtí an liúntas a íoctar le Rúnaí Príobháideach an Aire san áireamh faoi Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise. Ó 2017, rangaítear é mar liúntas eile.

## 5.4 Foireann na ngníomhaireachtaí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 42,970 | 40,154 |
| Liúntas le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 219 | 233 |
| Liúntais eile | 1,326 | 1,268 |
| Ragobair | 23 | 14 |
| ÁSPC an Fhostóra | 4,170 | 3,848 |
| **Pá iomlán** | **48,708** | **45,517** |

**Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon daoine a fuair | Líon daoine a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht is mó le duine amháin 2017 | An íocaíocht is mó le duine amháin 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 47 | 1 | 10,971 | 10,971 |
| Liúntais eile | 303 | 1 | 10,000 | 8,000 |
| Ragobair | 14 | — | 4,000 | 3,000 |
| Íocaíocht sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 34 | — | 9,589 | 9,373 |

Is iad Iascach Intíre Éireann, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, an Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach agus Gníomhaireacht na Lochanna na gníomhaireachtaí atá san áireamh thuas.

Tá suimeanna airgid neamhvótáilte san áireamh sna figiúirí i Nóta 5.2 agus rinneadh amhlaidh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar treoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ciorclán 17/2013).

## 5.5 Socruithe eile maidir le luach saothair

Athfhostaíodh ceathrar oibrithe earnála poiblí a raibh pinsin earnála poiblí á bhfáil acu ar bhonn conartha ar chostas iomlán €91,490. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le forálacha an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Cuimsíonn an cuntas seo caiteachas €581,793 i leith ochtar oifigeach a bhí ag obair taobh amuigh den Roinn ar feadh 2017 go léir nó ar feadh cuid den bhliain agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí amhail deireadh na bliana agus €103,990 (29 cás). As sin, tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm le haghaidh €69,386 (12 chás) (2016: €101,306 (28 cás)).

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Tabhairt ar aghaidh go dtí 2018

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh anonn go 2018 €6 mhilliún den leithdháil maidir leis an ngné chaipitil d'fho-cheannteideal C.4 nár caitheadh.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Ní dhearna baill den phobal aon éileamh in 2017 (2016: €143,000).

## 6.3 Maoiniú ón Aontas Eorpach

Áirítear leis an toradh a thaispeántar faoi fho-cheannteidil thíos íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a chomh-mhaoinítear ón AE. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin ar chaiteachas agus an fíorchaiteachas:

| | | | | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| C.4 | Cláir fuinnimh inbhuanaithe | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 90,790 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,551 | 98,341 | 90,118 | 66,262 |
| D.4 | Seirbhísí mianadóireachta | | 3,700 | 1,488 | 1,560 |
| D.5 | Seirbhísí Shuirbhéireacht Gheolaíochta Éireann | | 12,084 | 14,789 | 9,817 |
| E.3 | Iascaigh intíre | | 29,283 | 29,243 | 29,322 |
| | | | **143,408** | **135,638** | **106,961** |

Fuarthas maoiniú AE €244,972 i 2017 mar leithreasaí-i-gcabhair i leith gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí fho-cheannteidil C.4, D.4 agus D.5. Tá maoiniú AE i leith E.3 curtha san áireamh ag Iascach Intíre Éireann agus ag Gníomhaireacht na Lochanna ina gcuntais.

# Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

## 7.1 Ciste an Chláir Bonneagair Peitriliam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir Bonneagair Peitriliam don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 6,358 | 7,541 |
| Fáltais | 482 | 356 |
| Íocaíochtaí | (629) | (1,539) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **6,211** | **6,358** |

Bunaíodh an Clár Bonneagair Peitriliam (CBP) i 1997 agus tá sé maoinithe ag cuideachtaí ola a bhfuil ceadúnas le haghaidh taiscéalaíocht amach ón gcósta acu a d'eisigh an Rannóg Gnóthaí Peitriliam. Tá sé mar aidhm aige taiscéalaíocht agus gníomhaíochtaí forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn trí struchtúir tacaíochta áitiúla a láidriú, maoiniú ar bhailiú sonraí taighde agus taighde 'bunaithe ar an talamh' i limistéir amach ó chósta na hÉireann. Taifeadtar fáltais maidir leis an gCiste CBP mar leithreasaí-i-gcabhair agus íoctar isteach sa chiste iad trí mheán fho-cheannteideal D.3.

Déanann Rannóg Gnóthaí Peitriliam na Roinne riar ar an gCiste.

## 7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 31,810 | 31,810 |
| Fáltais | — | — |
| Infheistíochtaí | — | — |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | **31,810** | **31,810** |

Bunaíodh an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i 2014 faoi fhorálacha Rialacháin an Aontais Eorpaigh (an Scéim Oibleagáidí um Éifeachtúlacht Fuinnimh) 2014 (I.R. 131 de 2014). Is iad na cuspóirí a bhaineann leis an gCiste (i) tacú le seachadadh clár feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus beart eile éifeachtúlachta fuinnimh, agus (ii) forbairt margaidh do bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn. Chuir an Rialtas €35 milliún ar fáil ó Chiste an Ioncaim ón Tobhach Carbóin don Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh. Infheistítear an maoiniú i gciste infheisteora cháilithigh arna údarú agus arna rialú ag Banc Ceannais na hÉireann. Tá maoiniú ann ón earnáil phríobháideach arb ionann é agus maoiniú an Stáit. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon le hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta agus faigheann gach scairshealbhóir tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha ar fheidhmíocht an Chiste Infheisteora Cháilithigh.

Is ionann na costais go léir a bhain le hinfheistiú agus le bunú go deireadh 2017 agus €3.19 milliún a sheasadh ag an Roinn, agus iarmhéid fágtha san chiste de €31.81 milliún ag an dáta sin. Amhail an 31 Nollaig 2017, €1.45 milliún an luach a bhí ar infheistíocht an Stáit.

## Aguisín A Sceideal tailte agus foirgneamh

Is leis an Aire na hionaid réadmhaoine seo a leanas de chuid Ard-Oifig an Phoist:

1. Foirgneamh Ard-Oifig an Phoist
2. Stua Siopadóireachta Ard-Oifig an Phoist
3. 1-6 Foirgnimh Oifig an Phoist
4. 24-30 Sráid Anraí

Bainistítear na hionaid réadmhaoine seo faoi léasanna / ceadúnais arna ndeonú ag an Stát.

Is leis an Aire iascaigh i nGaillimh agus in Abhainn Fhia/Abhainn tSocair, Contae Dhún na nGall. Is é Iascach Intíre Éireann a bhainistíonn na hiascaigh sin.

Tá leas tairbhiúil ag an Aire sna líonraí cathrach freisin. Maoiníodh tógáil na líonraí sin i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla áirithe agus le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.

## Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugann sé le fios, ag deireadh Márta 2018, cén tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i lathair an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ ciste roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach An bhliain dar chríoch | Dáta na tuairisce ar an iniúchadh | Dáta a bhfuair an tAire/ an Roinn í | Dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Post | 2016 | 27 Aib 2017 | 27 Aib 2017 | 31 Bea 2017 |
| An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide | 2016 | 23 Nol 2016 | 7 Iui 2017 | 3 Lun 2017 |
| An Ghníomhaireacht Forbartha don Mhol Digiteach | 2015 | 30 Mfo 2016 | 29 Sam 2016 | 14 Nol 2016 |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | 2016 | 30 Mei 2017 | 26 Iui 2017 | 10 Sam 2017 |
| RTÉ | 2016 | 20 Aib 2017 | 28 Aib 2017 | 18 Iui 2017 |
| TG4 | 2016 | 26 Bea 2017 | 22 Mei 2017 | 13 Iui 2017 |
| Bord na Móna | 2017 | 22 Mei 2017 | 29 Mei 2017 | 17 Iui 2017 |
| An Coimisiún um Rialáil Fóntais | 2016 | 22 Sam 2017 | 18 Ean 2018 | —[1] |
| EirGrid | 2016 | 22 Nol 2016 | 16 Ean 2017 | 8 Mei 2017 |
| Bord Soláthair an Leictreachais | 2017 | 1 Mar 2018 | 8 Mar 2018 | 9 Mar 2018 |
| Corparáid Náisiúnta Pheitriliam na hÉireann | 2016 | 7 Fea 2017 | 28 Mar 2017 | 16 Bea 2017 |
| An Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta | 2016 | 14 Mei 2017 | 27 Mei 2017 | 13 Iui 2017 |
| Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann | 2016 | 29 Mei 2017 | 30 Mei 2017 | 1 Iui 2017 |
| Iascach Intíre Éireann | 2016 | 22 Nol 2017 | 12 Ean 2018 | 12 Mar 2018 |
| Gníomhaireacht na Lochanna | 2016 | 10 Lun 2017 | 20 Nol 2017 | —[2] |
| An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 2016 | 30 Mei 2017 | 21 Lun 2017 | 24 Sam 2017 |
| An Ciste Comhshaoil | 2016 | 22 Nol 17 | 22 Nol 17 | 6 Mar 2018 |

[1] Faofa ag an Rialtas agus fós le cur i láthair
[2] Fós le cur faoi bhráid an Rialtais